

# Foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas: reachtaíocht, beartais agus cláir san Aontas Eorpach

## Achoimre

*Ráthaítear in Airteagal 24 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go mbeidh ceart ginearálta chun cosanta ag gach leanbh san Aontas Eorpach (AE), lena n-áirítear an ceart chun a dtuairimí a nochtadh go saorálach, an ceart chun caidreamh a bheith acu lena dtuismitheoirí, agus an ceart chun a leas a bheith ar na dálaí is tábhachtaí atá le cur san áireamh i ngníomhartha a bhaineann leo. Ráthaítear in Airteagal 3 go dtabharfar meas ar iomláine choirp agus mheabhrach gach duine aonair in AE agus aithnítear in Airteagal 26 an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas chun tairbhiú de bhearta atá ceaptha chun a lánpháirtiú agus a rannpháirtiúocht i saol an phobail a áirithiú.*

Tá bacainní suntasacha ann ar leanaí faoi mhíchumas leas a bhaint as na cearta bunúsacha atá acu. Is minic a eisiatar iad ón tsochaí, agus cónaí orthu in institiúidí nó i saoráidí eile atá i bhfad ar shiúl óna

dteaghlach i gcásanna áirithe. Séantar rochtain ar sheirbhísí bunúsacha, amhail cúram sláinte agus oideachas, ar leanaí faoi mhíchumas agus fulaingíonn siad stiogma agus idirdhealú, mar aon le foréigean gnéasach, fisiciúil agus síceolaíoch.

Rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) taighde ar fhoréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas, agus í ag díriú ar mhéid, ar chineálacha agus ar shuíomhanna an fhoréigin sin agus ar na cúiseanna leis. Leagtar amach san achoimre seo na príomhthorthaí ar an taighde ón FRA. Tá na torthaí sin foilsithe ina n-iomláine i dtuarascáil dar teideal *Violence against children with disabilities: legislation, policies and programmes in the EU* ("Foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas: reachtaíocht, beartais agus cláir in AE") (féach Tuilleadh faisnéise).

## Bailiú sonraí agus cuimsiú

I gcás an taighde, rinne FRA taighde deisce inar cuimsíodh gach ceann de na 28 mBallstát AE, agus scrúdú á dhéanamh aici ar fhorálacha dlí agus beartais lena dtugtar aghaidh ar fhoréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas, mar aon le bearta náisiúnta chun an foréigean sin a chosc agus cosaint a thabhairt air.

Ina theannta sin, tugadh faoi agallaimh aonair bunaithe ar cheistneoirí leathstruchtúrtha le geallsealbhoirí ó chomhlachtaí ainmnithe na gcreataí náisiúnta chun an Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) a chur chun feidhme. Tugadh faoi na hagallaimh sin i 13 Bhallstát AE: an Bhulgáir, an Chróit, an Danmhairg, an Iodáil, an Ísiltír, an Liotuáin, an Ostair, Poblacht na Seice, an Pholainn,

an Phortaingéil, an Ríocht Aontaithe, an tSlóivéin, agus an tSualainn.

I measc na ngeallsealbhoirí a thug freagra ar an gceistneoir, bhí údarais phoiblí, gairmithe sláinte, gairmithe oideachais agus soláthraithe seirbhíse do dhaoine faoi mhíchumas; eagraíochtaí sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine faoi mhíchumas; eagraíochtaí tuismitheoirí; eagraíochtaí tacaíochta íospartach; eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhíonn ag obair i réimse chearta an linbh; chomh maith le comhlachtaí éagsúla chearta an duine, amhail institiúidí náisiúnta chearta an duine agus institiúidí Ombudsman.

## Foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas: saincheist a bhaineann le cearta bunúsacha

Aithnítear i gcreataí dlí agus beartais idirnáisiúnta agus i gcreataí dlí agus beartais Eorpacha gur gá don lucht déanta beartas agus do chleachtóirí aird ar leith a thabhairt ar an tsaincheist a bhaineann le foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas. Tá an-tábhacht ag baint le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CRC) agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) maidir lena chinntiú go dtugtar cosaint ar fhoréigean do leanaí faoi mhíchumas; baineann coinbhinsiún amháin go sonrach le leanaí agus baineann an ceann eile go sonrach le daoine faoi mhíchumas. Dhaingnigh gach Ballstát den Aontas Eorpach CRC agus, amhail Meán Fómhair 2015, tá CRPD daingnithe ag 25 Bhallstát AE. Sa bhliain 2010, d'aontaigh AE don CRPD freisin, rud a fhágann go bhfuil an coinbhinsiún sin ina chuid dhílis de dhlíochóras AE anois agus nach mór gach reachtaíocht agus cleachtas in AE a bheith ag teacht le ceanglais an choinbhinsiúin.

Rinne comhlachtaí conartha de chuid an dá choinbhinsiún sin ó na Náisiún Aontaithe foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas a fhormhíniú i roinnt Barúlacha Ginearálta agus i dtuairimí Deiridh i dtuascálacha ó Stáit Rannpháirteacha. Thug na Ballstáit aitheantas ar roinnt bealaí éagsúla freisin do na riachtanais chosanta atá ag leanaí faoi mhíchumas, mar shampla, agus iad i mbun foréigean a choiriúlú nó i mbun beartais náisiúnta a leagan síos chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean. Sna Tuairimí Deiridh uaidh chuig an Aontas Eorpach le déanaí, mhol Coiste de chuid CRPD gur cheart don Aontas Eorpach bearta riachtanacha a dhéanamh chun ceisteanna míchumais a phríomhshruthú sa reachtaíocht ar fad agus sna beartais agus sna straitéisí ar fad arb é is aidhm dóibh foréigean, mí-úsáid agus teacht i dtír a chomhrac.

Mar sin féin, tá sé doiligh bunús a thabhairt le foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas mar gheall ar an easpa sonraí atá ar fáil i staitisticí oifigiúla faoi na leanaí sin. Níl ach beagán meastachán iontaofa ann ar líon na leanaí faoi mhíchumas atá ann mar gheall ar na sainmhínte éagsúla agus as dáta atá tugtha ar mhíchumas; mar gheall ar an easpa modhanna iontaofa atá ann chun sonraí faoi mhíchumas, go háirithe i measc leanaí, a bhailiú; agus mar gheall ar na cineálacha difriúla cur chuige a úsáidtear i dtíortha difriúla chun sonraí faoi leitheadúlacht míchumais a bhailiú. Sa cháipéis *World Report on Disability 2011* (“Tuarascáil Dhomhanda maidir le Míchumas 2011”), a bhí bunaithe ar an staidéar *The Global Burden of Disease 2004* (“Ualach Domhanda na nGalar 2004”), meastar gur cothrom le 5.1 % atá an meánráta leitheadúlachta domhanda maidir le míchumas meánach

agus le míchumas trom i measc leanaí idir 0-14 bliain d’aois. Is ionann é sin agus thart ar 93 mhilliún leanbh ar fud an domhain. Níl aon fhoinsé aontaithe ann a sholáthraíonn sonraí faoi líon na leanaí faoi mhíchumas in AE.

Cé go bhfuil beagán sonraí ann arís eile faoi mhéid an fhoréigin in aghaidh leanaí faoi mhíchumas, thug freagraithe ar an taighde seo le fios go bhfuil ardleitheadúlacht mí-úsáide ann in aghaidh leanaí den sórt sin. Measann UNICEF go bhfuil sé a thrí nó a cheithre oiread níos dóchúla go ndéanfar foréigean fisiciúil nó gnéasach ar leanaí faoi mhíchumas, agus go ndéanfar faillí iontu, i gcomparáid le leanaí nach bhfuil faoi mhíchumas.

*“Is cosúil go bhfuil leanaí faoi mhíchumas an-leochaileach, agus iad i bhfad níos leochailí ná gach leanbh eile.” (Ionadaí d’eagraíocht neamhrialtasach le haghaidh cearta leanaí, an Isiltír)*

*“Níl aon amhras ann go ndéantar foréigean orthu. Tá sé [...] an-tromchúiseach. Tá fianaise ann freisin nach mbítear ag déileáil ach le sciar beag de líon iarbhir na gcásanna [...]. Tá an fhadhb i bhfad níos measa ná mar a shilfeá.” (Síceolaí cliniciúil, Poblacht na Seice)*

Is féidir le leanaí faoi mhíchumas foréigean a fhulaingt i suíomhanna difriúla, lena n-áirítear ar scoil, sa bhaile, agus in institiúidí. I gcomparáid le daoine fásta, is leochaileach atá gach leanbh mar gheall ar chéim a bhforbartha, ar an easpa tuisceana atá acu ar chúrsaí dlí agus ar an spleáchas atá acu ar thuismitheoirí nó ar chúramóirí eile. Tá an scéal sin níos measa fós i gcás go bhfuil lagú ar an leanbh. Ní hé amháin go mbíonn leanaí faoi mhíchumas faoi réir rátaí níos airde foréigin ná leanaí nach bhfuil faoi mhíchumas, bíonn siad faoi réir cineálacha foréigin a bhaineann go sonrach le míchumas freisin. Ní ionann na cineálacha foréigin sin agus na cineálacha foréigin a fhulaingíonn leanaí nach bhfuil faoi mhíchumas ach oiread. Áirítear leis na cineálacha foréigin sin: foréigean atá inspreagtha ag claontacht i leith míchumais; srianadh; mí-úsáid gnéasach le linn gnáthaimh laethúla shláinteachais; foréigean le linn cóireála; agus barraíocht leighis a thabhairt. Léirítear i dtaighde go mbíonn leanaí faoi mhíchumas leochaileach go háirithe i leith mí-úsáide síceolaíche, gnéasaí agus fisiciúla, rud ar féidir leis damáiste ollmhór a dhéanamh dá saol.

*“Tá leanaí faoi mhíchumas i measc na leanaí is stiogmataithe agus is imeallaithe agus d’fhéadfaí a rá go bhfuil an riosca foréigin i bhfad níos airde dóibh ná i gcás leanaí eile toisc go ndéanann an tsochaí neamhaird dóibh. Tá dearcadh diúltach traidisiúnta ann ina leith dá bharr sin.” (Ionadaí d’údarás poiblí, an Bhulgáir)*

Imeallú sóisialta agus stiogma sóisialta, chomh maith lena staid ar leith agus lena n-ardspleáchas ar chúram — cúram sa bhaile, in ionaid chúraim agus in institiúidí — méadaíonn siad an riosca foréigin do leanaí faoi mhíchumas ar roinnt cúiseanna éagsúla. Mar gheall ar an lagú atá ar leanaí faoi mhíchumas, is minic a bhraitear

go bhfuil sé furasta ionsaí a dhéanamh orthu toisc go bhfuil seans ann nach mbeidh siad in ann iad féin a chosaint, toisc go bhfuil bacainní orthu foréigean a thuairisciú, nó toisc nach ndéileálfar go stuama lena ngearán. Bíonn císil mhéadaithe riosca ann freisin de bharr inscne agus stádas eithneach, imirceach nó socheacnamaíoch an duine faoi mhíchumas. Is airde fós tionchar na dtosca sin, a mhéadaíonn an riosca foréigin, i gcás nach bhfreagraíonn seirbhísí cosanta leanaí go leorcheart do na riachtanais shonracha atá ag leanaí faoi mhíchumas — cibé acu a tharlaíonn sé sin de bharr neamh-inrochtaineachta nó de bharr easpa gairmithe oile a bheith ar fáil.

*“Measaimid [...] go bhfuil sé a 168 n-oiread níos dóchúla go ndéanfar buachaill gorm atá rangaithe mar dhuine a bhfuil ‘riachtanais speisialta oideachais’ aige agus a thagann ó chúlra ísealioncaim a eisiámh ón scoil ná cailín a thagann as ceantar níos saibhre agus nach bhfuil ‘riachtanais speisialta oideachais’ aici.” (Freagraí ó chomhlacht náisiúnta chearta an duine, an Ríocht Aontaithe)*

Is minic a eisiatar leanaí faoi mhíchumas ó sheirbhísí cosanta leanaí agus ó thionscnaimh arb é an aidhm atá leo freastal ar íospartaigh ar leanaí nach bhfuil faoi mhíchumas iad. Fágann sé sin go bhfuil seans níos fearr ann go dteipfidh ar sheirbhísí ginearálta cosanta leanaí agus ar sheirbhísí sonracha do dhaoine faoi mhíchumas araon freastal ar leanaí faoi mhíchumas.

Ina theannta sin, tarlaíonn sé go minic gur faoi roinnt eagraíochtaí nó údarás atá sé seirbhísí a sholáthar do leanaí faoi mhíchumas agus go dteipeann orthu a gcuid oibre a chomhordú i gceart le chéile.

*“Tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn trí chomhlacht dhifriúla, mar shampla, ag tabhairt faoin obair chéanna, gan aon líonrú a dhéanamh ó thaobh comhroinnt faisnéise de, gan aon chomhdháil a réachtáil ar chásanna agus gan aon ghníomhartha ar leith a chomhordú le chéile. Bheadh na comhlachtaí sin i bhfad ní b'éifeachtaí dá mbeidís idirnasctha, dá ndéanfaidís líonrú le chéile agus dá gcomhroinnfidís faisnéis le chéile.” (Freagraí ó chomhlacht náisiúnta chearta an duine, an Chróit)*

Ina lán cásanna, teipeann ar chórais chosanta leanaí, ar mheicníochtaí tuairiscithe agus ar sheirbhísí tacaíochta íospartach na riachtanais atá ag leanaí faoi mhíchumas a chur san áireamh, agus iad ag cur tuilleadh bacainní ar dhaoine atá ag lorg tacaíochta, atá ag iarraidh mí-úsáid a thuairisciú, nó atá ag lorg sásaimh. Sa pháipéar machnaimh maidir le *Coordination and cooperation in integrated child protection systems* (“Comhordú agus comhar i gcórais chomhtháite chosanta leanaí”) ón gCoimisiún Eorpach, cuireadh béim ar an ngá atá ann lena chinntiú go mbíonn rochtain ag leanaí leochaileacha, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas, ar chórais náisiúnta chosanta leanaí.

## Príomhthorthaí agus comhairle fhianaise-bhunaithe

Bunaithe ar a chuid taighde, creideann FRA gur cheart don lucht déanta beartas agus do gheallsealbhóirí ábhartha a gcuid iarrachtaí a dhíriú ar fhoréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas a chomhrac agus cosa-int éifeachtach ar mhí-úsáid agus ar eisiámh ar fud AE a thabhairt dóibh sna réimsí gnímh atá leagtha amach thíos.

### Córais chosanta leanaí atá níos cuimsithí a chur ar bun

I gcás beart arb é is aidhm dóibh foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas a chosc agus aghaidh a thabhairt air, baintear an tairbhe is mó astu nuair a dhéantar iad ar bhealach iomlánaíoch agus leathan. Tugtar le fios i dtaighde ón FRA gur gá baint a bheith ag gach gníomhaí a imríonn tionchar ar shaol an linbh — idir theaghlaigh, phobail, ghairmithe, institiúidí agus an pobal i gcoitinne — leis na hiarrachtaí a dhéanfar agus gur gá díriú ar na gníomhaithe sin lena linn.

I gcás go bhfuil siad ag gabháil le míchumas, méadaíonn tosca eile — amháil inscne nó cúlra socheacnamaíoch,

eithneach nó imirceach an linbh — an riosca foréigin tuilleadh. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach na hilchísil riosca atá ann a aithint, bearta coisctheacha a dhéanamh, agus seirbhísí agus bearta a dhearadh chun tacaíocht ilghnéitheach a chur ar fáil. Bhí a lán freagraithe den tuairim nach bhfreastalaíonn córais luath-idirghabhála go himleor ar leanaí faoi mhíchumas go minic agus go mbíonn ag teip orthu staideanna riosca a shainaitheint agus freagairt dóibh dá bharr.

Imríonn seirbhísí cosanta leanaí ról ríthábhachtach maidir lena chinntiú go dtugtar aghaidh go himleor ar na riachtanais éagsúla atá ag leanaí faoi mhíchumas. Mar sin féin, teipeann orthu uaireanta freastal ar na riachtanais shonracha atá ag leanaí faoi mhíchumas agus bíonn sé doiligh rochtain a fháil orthu go minic — maidir le hinrochtaineacht fhisiciúil agus maidir leis an easpa foirne atá acu a bhfuil na scileanna riachtanacha nó an oiliúint riachtanach acu araon.

I bhformhór na gcásanna, tugann seirbhísí agus bearta ginearálta atá dírithe ar leanaí nó ar dhaoine fásta faoi mhíchumas neamhaird ar na riachtanais shonracha tacaíochta atá ag leanaí faoi mhíchumas agus

ar na bacainní a bhíonn rompu, rud a chuireann cosc orthu rochtain a fháil ar sheirbhísí.

Ghlac na Ballstáit cineálacha difriúla cur chuige i leith dul i ngleic le foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas. Chuir roinnt Ballstát cosaint leanaí faoi mhíchumas ar áireamh i mbeartais chosanta leanaí; dhírigh Ballstáit eile ar an gceist sin i mbeartais ar chearta daoine faoi mhíchumas; agus cheap Ballstáit eile beartais shonra-cha chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh gach linbh ar scoil agus sa bhaile. Cé go n-aithnítear sna beartais ghinearálta sin go mbíonn riosca méadaithe foréigin roimh leanaí faoi mhíchumas, is minic a theipeann orthu bearta nithiúla a bhunú. Chuir formhór na bhfreagraithe in iúl gur cheart aidhm iomlánaíoch a bheith le beartais, gur cheart gach leanbh — lena náirítear leanaí faoi mhíchumas — a chuimsiú i mbeartais agus, dá bhrí sin, nár cheart ionstraimí ar leith a úsáid chun grúpaí difriúla leanaí a chuimsiú (féach Rannáin 2.2., 3.1., 3.3. agus 4.6. den tuarascáil iomlán le haghaidh anailís dhomhain a fháil).

#### Tuairimí ón FRA

*Ba cheart do Bhallstáit AE cur chuige comhtháite a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas. Ba cheart a aithint i mbeartais ghinearálta atá dírithe ar leanaí nó ar dhaoine faoi mhíchumas go mbíonn riosca méadaithe foréigin ann roimh leanaí faoi mhíchumas agus ba cheart sainbhearta nithiúla agus seirbhísí inrochtana tacaíochta a leagan amach sna beartais sin. Cabhraíonn cur chuige comhtháite den sórt sin lena chinntiú go mbíonn cosaint leanaí faoi mhíchumas ina cuid lárnach den chóras ginearálta náisiúnta cosanta leanaí agus gurb íogair ó thaobh cúrsaí aoise, inscne agus lagaithe de a bhíonn gach beart agus seirbhís tacaíochta do leanaí ar íospartaigh foréigin iad.*

*Ba cheart do sheirbhísí cosanta leanaí tacaíocht chuimsitheach a chur ar fáil do leanaí faoi mhíchumas agus dá dteaghlach. Chomh maith leis sin, ba cheart dóibh aird a thabhairt ar shaintréithe eile a d'fhéadfadh an leanbh a dhéanamh níos leochailí d'fhoréigean — saintréithe amhail inscne agus cúlra eitneach agus socheacnamaíoch. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a chur ar áireamh i gcláir choisc: cláir luath-idirghabhála, bearta chun feasacht a mhúscailt, oiliúint ar thuismitheoireacht fhreagrach agus ar thacaíocht teaghlaigh, agus cláir faoisimh.*

*Ba cheart do Bhallstáit AE a chinntiú go ndéanann údarais phoiblí faireachán ar staid leanaí faoi mhíchumas, go háirithe maidir le foréigean. Ba cheart dóibh ról a thabhairt do mheicníochtaí faireacháin neamhspleách arna mbunú faoi Airteagal 33 (2) den CRPD agus d'institiúidí náisiúnta chearta an duine, de réir mar is cuí.*

## Neartú a dhéanamh ar na creataí dlí agus polaitiúla lena dtugtar cosaint do leanaí faoi mhíchumas

Shainnithin freagraithe roinnt dúshlán atá ann maidir le haghaidh a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh leanaí agus maidir lena chinntiú go ndéantar coireanna ina n-aghaidh a ionchúiseamh go héifeachtúil. Áirítear leis na dúshlán sin: deacrachtaí maidir le féachaint ar leanaí faoi mhíchumas mar fhinnéithe iontaofa sa chúirt, an easpa gairmithe oilte atá ar fáil, an easpa meicníochtaí gearáin atá inrochtana agus oiriúnach don aois, agus leibhéal ísle tuairiscithe.

Léirítear i dtaighde ón FRA go measann formhór na mBallstát AE go bhfuil míchumas agus aois ina dtosca géaraitheacha ó thaobh coireanna foréigneacha de. Ag leibhéal AE, tugtar cosaint ar fhoréigean do leanaí faoi mhíchumas le roinnt treoracha. Treoir 2011/93/AE maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac agus Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta íospartach na coireachta, maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh agus maidir le hiad a chosaint (an Treoir maidir le Cearta Íospartach), is é an aidhm atá leo leibhéal áirithe comhchuibhithe a bhaint amach maidir le forálacha an dlí choiriúil, lena n-áirítear maidir le tacaíocht d'íospartaigh ar leanaí iad, coireanna a thuairisciú agus ciontóirí a ionchúiseamh.

Ní thugann ach 13 Bhallstát AE aghaidh go sainráite ina gcód coiriúil ar chlaontacht atá bunaithe ar mhíchumas. I gcás na mBallstát sin, ní dhéanann ach roinnt díobh an spreagadh fuatha a scaradh ón gcion féin trí phionóis mhéadaithe a chur i bhfeidhm chun a dhéine atá cionta a bhaineann le claontacht a léiriú; sainmhíonann formhór na mBallstát spreagadh fuatha mar imthoisc ghéaraitheach.

Ghlac an Coimisiún Eorpach doiciméid bheartais ar an mbeartas um chearta leanaí agus ar an mbeartas míchumais araon — is iad sin, Clár Oibre an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Linbh agus an Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020 faoi seach. Déantar tagairt sa dá dhoiciméad do chearta leanaí faoi mhíchumas. Ina theannta sin, bhunaigh an Coimisiún dhá ghrúpa atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit — ceann amháin atá comhdhéanta de shaineolaithe ar chearta an linbh, agus an ceann eile atá comhdhéanta de shaineolaithe ar chearta daoine faoi mhíchumas — áit a bhfuil deis ag an dá ghrúpa obair i gcomhar le chéile agus faisnéis, eispéiris agus dea-chleachtais a mhalmartú le chéile. Agus é ina pháirtí sa CRPD, tá AE faoi cheangal ag oibleagáidí an choinbhinsiúin de réir mar a bhaineann siad lena chuid inniúlachtaí. Sna Tuairimí Deiridh uaidh ar an tuarascáil tosaigh ón Aontas Eorpach, mhol Coiste CRPD go sonrach go dtabharfaí aghaidh i ngach straitéis míchumais ar chearta

buachaillí agus cailíní faoi mhíchumas agus go ndéanfaí na cearta sin a phríomhshruthú iontu.

Tá dhá idirghrúpa ar leith i bhfeidhm ag Parlaimint na hEorpa — ceann amháin a bhfuil sé de dhualgas air déileáil le saincheisteanna a bhaineann le leanaí agus ceann eile a bhfuil sé de dhualgas air déileáil le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas míchumais. D'fhéadfadh na struchtúir sin tuilleadh airde a thabhairt ar leanaí faoi mhíchumas, go háirithe maidir le cosaint ar fhoréigean, sa díospóireacht agus i ngníomhartha (féach Caibidlí 1 agus 2 den tuarascáil iomlán).

#### Tuairimí ón FRA

*Ba cheart do Bhallstáit AE a chinntiú go mbíonn rochtain iomlán ag leanaí faoi mhíchumas ar íospartaigh foréigin iad agus ag a dteaghlach ar sheirbhísí tacaíochta íospartach agus ar mheicníochtaí breithiúnacha sásaimh agus ar mheicníochtaí neamhbhreithiúnacha sásaimh araon. Ba cheart dóibh tuairiscíú agus taifeadh teagmhas a chur chun cinn trí bheartais ghníomhacha for-rochtana freisin. Ba cheart do mheicníochtaí sásaimh cóiríocht atá oiriúnach don aois agus don lagú agus tacaíocht ghairmiúil a chur ar fáil.*

*Ba cheart do na Ballstáit a chinntiú go mbíonn páirt ag foireann shainoilte in imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais thuairiscithe foréigin in aghaidh leanaí faoi mhíchumas agus i ngníomh leantach a dhéanamh ina leith, lena n-áirítear le linn na measúnachta aonair a cheanglaítear faoin Treoir maidir le Cearta Íospartach.*

*Ba cheart do na Ballstáit a chinntiú go bhféachtar ar aois agus ar mhíchumas mar thosca géaraitheacha ó thaobh foréigean gnéasach de, faoi mar atá bunaithe sa Treoir maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac. Ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar mhíchumas a chur ar bhonn cothrom le cineálacha eile inspreagadh claontachta agus ar phionóis mhéadaithe a thabhairt isteach i leith cionta atá inspreagtha ag claontacht, faoi mar atá molta sa Pháipéar Fócais dar teideal 'Equal protection for all victims of hate crime - The case of people with disabilities' ('Cosaint chothrom do gach íospartach coir fuatha - Cás na ndaoine faoi mhíchumas') ón FRA.*

*Ba cheart don Choimisiún Eorpach breithniú a dhéanamh ar straitéis chuimsitheach atá bunaithe ar chearta do leanaí faoi mhíchumas a chur ar áireamh in athbhreithnithe amach anseo ar Chlár Oibre an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Linbh agus ar bheartais eile um chearta leanaí. Ba cheart sainbhearta arb é an aidhm atá leo cearta leanaí faoi mhíchumas a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh a bheith ar áireamh san athbhreithniú meántéarmach ar an Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020, agus tagairt shonrach á déanamh d'fhoréigean a chosc.*

## Comhordú a chinntiú agus pointe fócasach a cheapadh do leanaí faoi mhíchumas

Chuir freagraithe in iúl go láidir go mbaineann ríthábhacht le creat iomlánaíoch trína dtugtar gach comhlacht a bhfuil baint acu le cosaint leanaí le chéile má táthar chun foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas a chosc. Ba cheart eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do leanaí faoi mhíchumas agus dá dteaghlach a bheith ar áireamh i gcreat den sórt sin. Chuir freagraithe in iúl go láidir gur ghá dul i mbun comhair ar dtús nuair a bhíonn straitéisí agus pleananna gníomhaíochta á bhforbairt agus gur cheart leanúint leis an gcomhar sin nuair a bhíonn na beartais á gcur chun feidhme agus nuair a bhíonn na seirbhísí á soláthar.

Ina lán cásanna, bíonn ról ag raon leathan gníomhaithe i seirbhísí do leanaí faoi mhíchumas a fhorbairt. Mar sin, baineann ríthábhacht le dul i mbun comhair comhordaithe rialta chun forluí agus bearnaí a sheachaint. Mar sin féin, thug freagraithe dá n-aire gur minic a chuireann an easpa comhair bac ar sholáthar éifeachtach seirbhísí; go mbíonn meicníochtaí foirmiúla comhordaithe in easnamh nó nach gcuirtear chun feidhme iarbhir iad; agus gur neamhfhoirmiúil a bhíonn an chuid is mó den chomhar agus go ndéantar lasmuigh de chainéil bhunaithe é de ghnáth. Fiú amháin i gcásanna ina bhfuil meicníochtaí foirmiúla comhordaithe i bhfeidhm, is minic a theipeann orthu aghaidh a thabhairt ar an riosca foréigin ar leith a bhaineann le leanaí faoi mhíchumas agus ar iad a bheith níos leochaillí d'fhoréigean. Tríd is tríd, ní ag gairmithe a bhíonn an inniúlacht agus an t-eolas a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt go leorcheart ar staidéanna féideartha riosca agus ar chásanna mí-úsáide a bhaineann le leanaí faoi mhíchumas.

Ina theannta sin, thug freagraithe dá n-aire go bhfuil nósanna imeachta aontaithe in easnamh ar fud grúpaí gairmiúla — amháin na póilíní agus foireann shóisialta,



sláinte agus oideachais — agus dúirt siad go mbíonn comhthuisct in easnamh go minic ar conas mí-úsáid in aghaidh leanaí a aithint agus ar conas aghaidh a thabhairt uirthi (féach Rannáin 2.2., 2.3., 4.4. agus 4.5. den tuarascáil iomlán).

#### Tuairimí ón FRA

*Ba cheart do Bhallstáit AE breithniú a dhéanamh ar phointe fócasach náisiúnta a cheapadh do leanaí faoi mhíchumas, faoi mar atá molta i mBarúil Ghinearálta Uimh. 9 ó Choiste CRC, d'fhonn comhordú cuí a chinntiú idir gach gníomhaí — idir ghníomhaíthe poiblí agus ghníomhaíthe príobháideacha — a sholáthraíonn seirbhísí agus tacaíocht do leanaí faoi mhíchumas. Ba cheart don phointe fócasach sin obair i ndlúthchomhar agus comhordú a dhéanamh leis na meicníochtaí náisiúnta atá i bhfeidhm chun CRPD a chur chun feidhme, mar atá sainmhínithe in Airteagal 33 den Choinbhinsiún.*

*D'fhonn an obair a dhéanann pointí fócasacha náisiúnta den sórt sin a éascú, d'fhéadfadh na Ballstáit líonra meicníochtaí comhordaithe a chruthú ag an leibhéal áitiúil, agus é de fhreagracht orthu cur chun feidhme beartais agus beart náisiúnta a mhaoirsiú, feabhas a chur ar fhreagairtí comhoibríochta comhtháite do chásanna foréigin, agus a chinntiú go mbíonn acmhainn leordhóthanach thrasghairmiúil ann agus staidéanna riosca á meas. D'fhéadfadh bearta comhordaithe den sórt sin daoine ó na réimsí seo a leanas a thabhairt le chéile: gairmithe ón earnáil sláinte, ón earnáil shóisialta agus ón earnáil oideachais; údarás bhreithiúnacha; oibríthe sóisialta; cleachtóirí a bhíonn ag obair in eagraíochtaí tacaíochta íospartach; agus ionadaithe d'eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus d'eagraíochtaí do leanaí faoi mhíchumas agus dá dteaghlach. Chabhródh sé sin le húsáid freagairtí scartha a sheachaint agus le feabhas a chur ar an dóigh a gcomhordaítear seirbhísí do leanaí faoi mhíchumas.*

*Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta oibriúcháin a chaighdeánú i measc na n-údarás difriúil atá freagrach as foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas a chosc agus as freagairt a thabhairt dó, mar shampla, trí mheabhráin spriocdhíríthe tuisceana ina sainmhínítear go soiléir na freagrachtaí, na nósanna imeachta agus na meicníochtaí atreoraithe lena mbaineann. Bealach éifeachtach eile chun comhar a chur chun cinn a bheadh i gcúrsaí éigeantacha oiliúna a chur ar fáil, áit a dtabharfaí gairmithe a bhíonn ag obair i réimsí éagsúla le chéile.*

## Aghaidh a thabhairt ar dhearcthaí sochaíocha, éagsúlacht a chur chun cinn agus imeallú a chomhrac

Déantar foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas ar a lán bealaí agus tarlaíonn sé i suíomhanna éagsúla. Shainnaithin freagraithe cúiseanna éagsúla le foréigean, idir dhearcthaí diúltacha sochaíocha atá bunaithe ar chlaontacht, an easpa eolais nó tuisceana ar mhíchumas, agus dhearcthaí gairmiúla nó aonair atá bunaithe ar éadulaingt ar dhaoine atá “difriúil”.

De réir na bhfreagraithe, méadaíonn eisiaimh agus imeallú sóisialta an riosca foréigin in aghaidh leanaí faoi mhíchumas i suíomhanna éagsúla. Thug siad dá n-aire go gcuireann imeallú institiúideach leanaí faoi mhíchumas teorainn lena n-idirghníomhaíocht leis an bpobal i gcoitinne, rud a chuireann bac ar fheasacht agus ar thuisct leathan a chothú ar chúrsaí míchumas.

Dúirt freagraithe freisin go mbaineann riosca méadaithe foréigin le leanaí faoi mhíchumas a bhfuil saintréithe leochaileacha eile acu mar gheall ar a stádas socheacnamaíoch, ar a n-eitneacht, ar a stádas imirceach, nó ar a n-inscne (féach Rannán 3.2. agus Caibidil 4 den tuarascáil iomlán).

#### Tuairimí ón FRA

*Ba cheart do Bhallstáit AE agus don AE feachtais mhúscaillte feasachta agus feachtais faisnéise inrochtana a fhorbairt chun feasacht ar CRPD a mhéadú, an ilchineálacht a chur chun cinn, troid i gcoinne na claontachta agus dul i ngleic leis an stiógma sochaíoch a bhaineann le leanaí faoi mhíchumas agus le himeallú na leanaí sin. Ba cheart feachtais den sórt sin a bheith dírithe ar an bpobal i gcoitinne, ar thuismitheoirí, ar leanaí agus ar oifigigh phoiblí agus ar ghairmithe a bhíonn ag obair leis na leanaí sin. D'fhéadfadh institiúidí éagsúla ag an leibhéal náisiúnta, amhail aireachtaí, comhlachtaí náisiúnta chearta an duine, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas lena mbaineann na feachtais sin a eagrú.*

## Bearta coisc dírithe ar an leanbh agus rannpháirtíocht an linbh a chur chun cinn

Léirítear sa taighde go bhfuil roinnt beart bunaithe ag Ballstáit AE chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas. Dirítear na bearta sin

ar ghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na leanaí iad féin. Ní i gcónaí a chinntítear go gcuirtear leanaí faoi mhíchumas ar áireamh i ngníomhaíochtaí príomhshrutha, áfach. Thug freagraithe dá n-aire gur minic, de bharr a n-imeallaithe, nach gcuirtear leanaí faoi mhíchumas ar áireamh i ngníomhaíochtaí foirmiúla agus neamh-foirmiúla as a bhfoghlaímíonn leanaí conas is féidir leo rioscaí a shainathint agus freagairt d'fhoréigean.

Mheas freagraithe gur príomhthoisic riosca í an easpa tuisceana atá ag leanaí faoi mhíchumas ar cad is mí-úsáid ann. Is féidir nach mbeidh roinnt mhaith leanaí faoi mhíchumas ar an eolas nach inghlactha atá iompar áirithe, go háirithe i gcás mí-úsáid ghnéasach.

Ceann de phríomhcholúin de chuid CRC agus CRPD is ea rannpháirtíocht na leanaí agus na ndaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn. Bhí freagraithe den tuairim go gcuirtear leanaí faoi mhíchumas amach as deiseanna a gcuid tuairimí a chur in iúl, d'ainneoin na n-iarrachtaí atá déanta ag eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, ag eagraíochtaí neamhrialtasacha, ag comhlachtaí náisiúnta chearta an duine agus ag gníomhaíthe eile. Nuair nach dtugtar cead cainte do leanaí faoi mhíchumas, fághtar iad ar lár i bpleanáil beartais agus ní chomhlíonann seirbhísí ginearálta neamh-inrochtana a gcuid riachtanas. Leag freagraithe béim ar an rithábacht a bhaineann le daoine faoi mhíchumas a chur ar áireamh i ngníomhaíochtaí lena ndéantar cur chun cinn ar rannpháirtíocht ghinearálta i ngach gné den saol maidir le foréigean a chosc agus uirlisí a thabhairt dóibh teagmhais fhoréigeanacha a shainathint agus a thuairisciú (féach Rannán 2.5. agus Caidlí 3 agus 4 den tuarascáil iomlán).

#### Tuairimí ón FRA

*I gcomhar le gníomhaíthe sochaí sibhialta, ba cheart do Bhallstáit AE cláir oideachasúla chuí a bhunú lena neartaítear féinmhuinín agus treallús na leanaí faoi mhíchumas chun cabhrú leo cásanna rioscúla agus iompar míchuí a shainathint agus eolas a fháil ar dhóigheanna agus ar áiteanna ar féidir leo comhairle agus sásamh a lorg. Ba cheart faisnéis faoi chaidreamh agus faoi ghnéasacht a bheith ar áireamh sna cláir sin chun cur ar chumas leanaí faoi mhíchumas idirdhealú a dhéanamh idir iompar gnéasach cuí agus iompar gnéasach míchuí.*

*Ba cheart do na Ballstáit a chinntiú go bhfuil rochtain iomlán ag leanaí faoi mhíchumas ar chlár oideachasúla maidir le foréigean, leis an mbulaíocht nó le saincheisteanna ginearálta um chearta leanaí, beag beann ar an lagú atá orthu agus tuisceanach ar inscne agus ar shaintréithe eile, ar nós cúlra eitneach agus/nó cúlra imirceach.*

*Ar aon dul leis na hoibleagáidí atá orthu faoin CRC agus faoin CRPD, ba cheart do na Ballstáit a chinntiú go ndéantar ionadaíocht do thuairimí leanaí faoi mhíchumas go díreach agus trí eagraíochtaí ionadaíocha agus teaghlaigh nuair atáthar i mbun ceapadh, cur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh ar dhlíthe, ar bheartais, ar sheirbhísí agus ar bhearta lena dtugtar aghaidh ar fhoréigean ina n-aghaidh. Chuige sin, ba cheart do Bhallstáit AE breithniú a dhéanamh ar na meicníochtaí comhairleacha atá ann cheana a neartú, mar shampla trí chomhlachtaí comhairleacha a chuimsíonn leanaí faoi mhíchumas agus a n-ionadaithe a chur ar bun.*

## Seirbhísí dírithe ar an teaghlach a chur ar fáil

Tarlaíonn foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas i suíomhanna baile freisin. Shainathint freagraithe gurb iad traochadh, spíonadh, ciapadh eacnamaíoch agus mothú go bhfuil duine “fágtha ina aonar” i measc teaghlaigh agus cúramóirí leanaí faoi mhíchumas na príomhthosca dúiseachta. Chuir freagraithe in iúl gurb ann do thacaíocht neamhleor maidir leis an ualach airgeadais, fisiciúil agus mothúchánach a chuirtear ar theaghlaigh agus ar dhaoine a thugann cúram do leanaí faoi mhíchumas a mhaolú agus leag siad béim ar a thábhachtaí atá sé cláir amhail cláir faoisimh a chur ar fáil chun strus a laghdú. Luaigh roinnt mhaith díobh gur i gceantair thuaithe go háirithe atá easpa seirbhísí tacaíochta do leanaí faoi mhíchumas agus dá dteaghlach.

Tá freagraithe den tuairim go bhféadfadh an neamhchosaint ar fhoréigean agus an fhreagairt dó a bheith nasctha le cúrsaí pearsanta nó teaghlaigh an linbh, amhail é a bheith i mbaol na bochtaineachta, cúlra imirceach nó mionlaigh eitnigh a bheith aige nó é a bheith ag fás aníos i dteaghlach aontuismitheora. Ba mhínic a luadh freagraithe gur cúis fhéideartha le faillí agus réimse tábhachtach ina bhfuil tacaíocht shóisialta ag teastáil é an brú airgeadais ar theaghlaigh. D'aimsigh freagraithe gur lú ná teaghlaigh eile an t-eolas agus an rochtain a bhíonn ag teaghlaigh atá ag maireachtáil faoi bhun thairseach na bochtaineachta ar sheirbhísí agus, dá bhrí sin, gur teirce na deiseanna a bhíonn acu tacaíocht a fháil.

Thug freagraithe dá n-aire freisin go bhfuil mothúcháin náire agus díomá ceangailte uaireanta le mhíchumas duine mhuinteartha, mhíchumas linbh go háirithe, agus gur féidir gur teir le daoine é mhíchumas. Cuireann sé sin drogall ar dhaoine mhuinteartha rochtain a fháil ar sheirbhísí tacaíochta chun dul i ngleic le traochadh nó le spíonadh (féach Rannáin 3.2., 3.3., 4.3. agus 4.6. den tuarascáil iomlán).

#### Tuairimí ón FRA

*Ba cheart do Bhallstáit AE seirbhísí cosanta leanaí ag a bhfuil an oiliúint agus na hacmhainní a theastaíonn a chur ar fáil chun tréigean a chosc agus cabhrú le teaghlaigh a chinntiú gur lena dteaghlach a fhanann leanaí faoi mhíchumas, agus leasanna is fearr an linbh á gcosaint ag an am céanna. Chuije sin, ba cheart do sheirbhísí cosanta leanaí faisnéis spriocdhírthe, treoir, comhairleoireacht, tacaíocht píaraí agus oiliúint a chur ar fáil do theaghlaigh. Chomh maith leis sin, ba cheart dóibh tacaíocht dhíreach agus indíreach airgeadais a chur ar fáil lena léirítear riachtanais na leanaí faoi mhíchumas agus a dteaghlaigh. Ba cheart cláir chúraim faoisimh a thairiscint do thuismitheoirí agus do chúramóirí eile ar phraghas réasúnta chun spionadh nó faillí de bharr traochta a chosc.*

*Ba cheart do na Ballstáit a chinntiú go n-admhaíonn seirbhísí cosanta leanaí na hilchisil riosca atá roimh leanaí faoi mhíchumas agus go dtugann siad aghaidh orthu sin trí rioscaí a shainaithint go luath agus trí sheirbhísí cuimsitheacha tacaíochta atá dírithe ar an teaghlach, mar shampla. Ba cheart aird speisialta a thabhairt do theaghlaigh imirceacha agus aontuismitheora, do theaghlaigh i mbaol na bochtaineachta nó i staideanna leochaileacha eile agus do theaghlaigh atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, lena n-áirítear trí fhor-rochtain ag eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do leanaí agus do leanaí agus dhaoine fásta faoi mhíchumas, mar gur féidir nach bhfuil siad ar an eolas faoin tacaíocht atá ar fáil.*

## Oideachas cuimsitheach agus rannpháirtíocht chuimsitheach a chinntiú i ngach gné den saol ar bhonn cothrom le daoine eile

Chuir freagraithe in iúl gur leochailí i leith mí-úsáide ar scoil a bhíonn leanaí faoi mhíchumas ná leanaí eile agus gurb iad a bpiaraí agus a múinteoirí araon is cúis leis an mí-úsáid sin. Léiríonn sé sin gurb ann d'easpa meicníochtaí cuí chun cuimsiú i scoileanna príomhshrutha a chinntiú, go bhfuil oiliúint mhíchúí á cur ar mhúinteoirí agus nach ann do mheicníochtaí láidre coisc. Labhair freagraithe faoin mbulaíocht fhorleathan atáthar ag déanamh ar leanaí faoi mhíchumas agus faoi chineálacha eile foréigin atá níos caolchúisí, amhail eisiámh agus imeallú. Léirítear sa taighde go gcuireann na Ballstáit ionstraimí éagsúla chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar an mbulaíocht i scoileanna

agus go bhféadfadh go mbreithneofaí leanaí faoi mhíchumas ar bhealach ní ba láidre iontu sin.

In Airteagal 24 den CRPD, léirítear gealltanas soiléir a thugann Stáit Rannpháirteacha córas cuimsitheach oideachais a chinntiú do leanaí faoi mhíchumas agus cuirtear oibleagáid ar stáit cur ar fáil a dhéanamh ar an tacaíocht atá riachtanach le rannpháirtíocht iomlán chothrom na leanaí sin san oideachas a éascú. Thug roinnt mhaith freagraithe dá n-aire, áfach, go bhfuil deacrachtaí ann maidir le hoideachas cuimsitheach a bhaint amach agus d'áitigh siad nach leor comhtháthú ina aonar chun timpeallacht shábháilte a chinntiú do gach leanbh, leanaí faoi mhíchumas san áireamh, i scoileanna príomhshrutha agus go bhfuil tacaíocht cuí ag teastáil freisin chun fíor-rannpháirtíocht a chumasú (féach Rannáin 3.3., 4.2. agus 4.4. den tuarascáil iomlán).

#### Tuairimí ón FRA

*Ba cheart do na Ballstáit AE a chinntiú go soláthraíonn scoileanna timpeallacht shábháilte thacúil nach nglactar le cineál foréigin ar bith inti agus go bhfuil meicníochtaí éifeachtacha i bhfeidhm acu chun freagairt a luaithe is a bhraitear naimhdeas. Ba cheart leanaí faoi mhíchumas a chur ar áireamh go sonrach i mbeartais agus i nósanna imeachta frithbhulaíochta.*

*Ba cheart do na Ballstáit a chinntiú go bhfuil ag gach duine de na múinteoirí, den fhoireann tacaíochta agus de ghairmithe eile oideachais na scileanna agus na huirlisí atá riachtanach chun cásanna foréigin in aghaidh leanaí faoi mhíchumas i suíomhanna scoile a shainaithint agus freagairt dóibh. D'fhéadfadh údarás oideachais breithniú a dhéanamh ar chearta leanaí a chur san áireamh i gcuraclaim oiliúna múinteoirí, agus díriú ar leith á leagan ar leanaí faoi mhíchumas. Ba cheart dóibh freisin aghaidh a thabhairt ar an easpa oiliúna cuí i bhforéigean a aithint agus i luath-idirghabháil agus ar na heasnaimh sna réimsí sin.*

*Ba cheart sainordú, acmhainní agus spreagadh a thabhairt do mheicníochtaí náisiúnta chearta an duine, lena n-áirítear comhlachtaí comhionannais, institiúidí náisiúnta chearta an duine agus oifigí Ombudsman do leanaí, chun faireachán a dhéanamh ar chearta na leanaí faoi mhíchumas san oideachas agus feascacht ar na cearta sin a mhúscailt agus chun cásanna ina bhfuil foréigean, ina ndíulthaítear rochtain ar scoileanna príomhshrutha agus ina ndéantar bulaíocht ar leanaí faoi mhíchumas a imscrúdú agus a fhiosrú.*



*Ba cheart spreagadh a thabhairt do leanaí agus do leanaí agus dhaoine fásta faoi mhíchumas tacaíocht a thabhairt do leanaí faoi mhíchumas agus dá dteaghlach chun a chinntiú go gcuirtear ar áireamh san oideachas iad agus ba cheart do na heagraíochtaí sin feachtais oideachasúla a fhorbairt agus a reáchtáil lena gcur i bhfeidhm ag féinabhcóidí agus ag rólchuspaí i scoileanna. Neartófaí a éifeachtaí a bheidh na bearta sin dá sínfí lámh chuig údarás scoile chun faisnéis agus eolas a chur ar fáil maidir leis na riachtanais shonracha tacaíochta a bhíonn ag leanaí ar a bhfuil laguithe difriúla agus ar a bhfuil laguithe de mhéideanna difriúla.*

## Dul chun cinn a dhéanamh ar iarrachtaí dí-institiúidithe agus an faireachán ar institiúidí a neartú

Níl aon sonraí iontaofa ar fáil faoin líon cruinn leanaí atá ina gcónaí i suíomhanna éagsúla institiúideacha ach tugtar le fios i meastacháin go bhfuil thart ar 150 000 leanbh ina gcónaí i suíomhanna cónaithe ar fud AE. Tá dul chun cinn déanta ag na Ballstáit le blianta beaga anuas ar athrú de réir a chéile ó chórais chúraim institiúidigh go cúram gaolta. Mar sin féin, údar imní go fóill is ea an t-institiúidí leanaí faoi mhíchumas, rud a leagann coiste CRC agus coiste CRPD béim air arís is arís eile. Méadaíonn an t-institiúidí an dóchúlacht go bhfulaingeoide leanaí faillí agus foréigean meabhrach, fisiciúil nó gnéasach. Bhí roinnt freagrachtaí den tuairim gurb ionann an t-institiúidí ann féin agus cineál foréigin. Anuas air sin, ní i gcónaí a chuimsítear gach grúpa gairmithe le scagadh ar phearsanra cúraim chónaithe sna Ballstáit agus ní shocraítear minicíocht an scagtha leis an dlí. Bhí freagrachtaí den tuairim gur féidir foréigean agus faillí a cheilt go héasca in institiúidí. Cháin siad meicníochtaí faireacháin toisc go bhfuil easpa déine acu. Thug siad dá n-aire gur minic a bhíonn cigireachtaí ar institiúidí ina gcigireachtaí córasacha frithghníomhacha in ionad iad a bheith ina gcigireachtaí coisctheacha — mar shampla, ní dhéantar iad ach tar éis do na meáin tuairisc a thabhairt ar mhí-úsáid nó ar bhásanna in institiúidí. Mhaígh roinnt freagrachtaí freisin go bhfuil easpa inniúlachta nó neamhspleáchais ag comhlachtaí faireacháin áirithe.

Ar na dúshlán eile a luaigh freagrachtaí bhí coinníollacha fadhbacha oibre do bhail foirne, rud ba chúis le spionadh, agus oiliúint atá neamhleor, treallach agus neamhéigeantach go minic.

Leis an bpacáiste reachtach le haghaidh Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) don tréimhse

2014-2020, tugadh athruithe tábhachtacha isteach lena dtugtar tús áite do dhí-institiúidí agus do chomhlíonadh CRPD. Baineann tábhacht ar leith leis na critéir atá ceangailte le cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus leis an mbochtaineacht agus idirdhealú a chomhrac — na “coinníollacha ex ante”, mar a thugtar orthu, nach mór do na Ballstáit iad a chomhlíonadh chun leas a bhaint as cistí SIE. Áirítear leo “bearta maidir leis an athrú ó chúram institiúideach go cúram pobail” (féach Rannáin 3.2. agus 3.3. den tuarascáil iomlán).

### Tuairimí ón FRA

*Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chosc a chur ar leanaí - go háirithe iad sin faoi bhun trí bliana d’aois - a chur in institiúidí, beag beann ar chineál a lagaithe nó ar a dhéine atá sé, faoi mar atá molta sa cháipéis UN Guidelines for the Alternative Care of Children (“Treoirínte na NA maidir le Cúram Malartach Leanaí”). Ba cheart do na Ballstáit acmhainní a leithdháileadh le haghaidh leanaí faoi mhíchumas a dhí-institiúidí go pras agus ar mhaithe lena gcuimsiú iomlán sa phobal. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit leas a bhaint as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta de chuid AE chun tacaíocht a thabhairt do leanaí faoi mhíchumas agus dá dteaghlach san aistriú ó chúram institiúideach go cúram gaolta.*

*Ba cheart do na Ballstáit faireachán agus cigireachtaí ar institiúidí agus ar shuíomhanna cónaithe dúnta eile a neartú chun aghaidh a thabhairt ar fhaillí, ar dhrochíde agus ar chineálacha eile foréigin. Baineann tábhacht ar leith leis sin ós rud é go bhfuil an dí-institiúidí ar siúl (agus é á pháirtmhaoiniú trí Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta AE). Ba cheart faireachán a bheith neamhspleách, ba cheart go leor acmhainní a bheith ar fáil dó agus ba cheart cigireachtaí rialta agus neamhfhogartha a bheith i gceist leis.*

## Uirlisí spriocdhírthe a fhorbairt, go leor acmhainní a leithdháileadh agus cumas acmhainní daonna a fheabhsú

Tugtar le fios sa taighde nach féidir leis na creatáil náisiúnta dlí agus beartais atá ann cheana aghaidh a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas ach sa chás go soláthraítear go leor acmhainní lena gcur chun feidhme. Shainithin freagrachtaí go bhfuil pearsanra atá faoi bhrú agus neamhoilte, spionadh foirne, easpa acmhainní agus coinníollacha fadhbacha oibre i measc na mbac ar aghaidh

éifeachtach a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas.

Mhol freagraithe gur cheart oiliúint i gcearta na leanaí faoi mhíchumas, i modhanna cumarsáide inrochtana agus i modhanna agus próisis chun freagairt d'fhoréigean ina n-aghaidh agus é a shainaithint agus a thuairisciú a chur ar ghairmithe a chuireann seirbhísí ginearálta ar fáil, ar nós dochtúirí, altraí agus múinteoirí, de bhreis ar ghairmithe "speisialaithe" a bhíonn i dteagmháil le leanaí faoi mhíchumas ar bhonn laethúil.

Mheas freagraithe go bhfuil an easpa treorach praiticiúla agus uirlisí praiticiúla ina príomhdhúshlán agus dlíthe agus beartais á gcur chun feidhme. Ba cheart díriú a bheith iontu ar ghairmithe éagsúla agus ba cheart breac-chuntas soiléir a thabhairt iontu ar conas freagairt d'fhoréigean agus é a chosc.

Bhunaigh AE scéimeanna cistiúcháin AE amhail an Clár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht 2014-2020, a tháinig in áit Chlár Daphne sa bhliain 2013, chun tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le taighde, le hoiliúint, le forbairt treorach agus le malartuithe dea-chleachtais, lena n-áirítear sa réimse um fhoréigean in aghaidh leanaí a chomhrac. D'aithin freagraithe an tionchar dearfach a fhéadann na scéimeanna cistiúcháin sin a imirt ag leibhéal náisiúnta (féach Rannáin 2.3., 4.4. agus 4.6. den tuarascáil iomlán).

#### Tuairimí ón FRA

*Ba cheart do Bhallstáit AE éascú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na ndlíthe agus na mbeartas atá ann cheana maidir le foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas a chosc trí threoirlínte, phrótacail agus oiliúint atá praiticiúil a fhorbairt chun cur ar chumas gairmithe foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas a aithint, tacaíocht chuí a thabhairt d'íospartaigh agus dá dteaghlach agus a chinntiú go dtugtar déantóirí an fhoréigin chun an dlí. Ba cheart na huirlisí sin a fhorbairt i gcomhpháirt le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do leanaí agus dhaoine faoi mhíchumas agus dá dteaghlach agus ba cheart tacaíocht a thabhairt dóibh leis na hacmhainní daonna agus airgeadais atá riachtanach chun críche iad a chur chun feidhme.*

*Ba cheart do na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíochtaí riachtanacha agus choinníollacha oibre na ngairmithe a bhíonn ag obair le leanaí faoi mhíchumas chun a chinntiú go bhfuil ag na gairmithe sin na scileanna agus an t-am atá riachtanach le haghaidh freagairt d'fhoréigean in aghaidh na leanaí agus é a chosc.*

*Ba cheart do na Ballstáit oiliúint éigeantach a chur ar fáil do ghairmithe a d'fhéadfadh a bheith ag obair le leanaí faoi mhíchumas. Ba cheart an oiliúint sin a bheith bunaithe ar mheasúnú córasach riachtanas agus ba cheart an creat dlí agus beartais, bainistíocht strus agus aithint agus tuairisciú foréigin a chuimsiú inti. Ba cheart conas cumarsáid inrochtana a dhéanamh le leanaí, lena n-áirítear na leanaí sin faoi mhíchumas éisteachta, cognaíoch, urlabhra, intleachta nó síceasóisialta, a chuimsiú san oiliúint freisin. Ba cheart díriú ar ghairmithe éagsúla, lena n-áirítear: múinteoirí agus gairmithe eile oideachais; dochtúirí, altraí agus gairmithe eile cúram sláinte; agus soláthraithe seirbhísí speisialaithe agus ginearálta do leanaí agus d'oibrithé cúraim.*

*Treoirlínte agus foirne uirlisí do chleachtóirí a bhíonn ag obair le leanaí faoi mhíchumas agus do bhaill foirne seirbhísí ginearálta, amhail gairmithe sláinte agus oideachais, ba cheart iad a fhorbairt chun treoir shoiléir a chur ar fáil maidir le freagrachtaí, le cosc, le hatreoruithe agus le bearta le déanamh nuair a mheastar go ndearnadh foréigean.*

*D'fhonn torthaí inbhuanaithe agus inlámhsithe i dtaca le cuimsiú sóisialta a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit leas a bhaint as an gcistiú AE atá ar fáil, amhail trí CSIE agus trí an gClár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht, chun seirbhísí pobalbhunaithe a fhorbairt do leanaí agus dá dteaghlach agus chun feasacht an phobail a mhúscaill.*

*Ba cheart don Choimisiún Eorpach a chinntiú go ndéantar cur chun feidhme ar Thuairimí Deiridh Choiste de chuid UN CRPD maidir le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa a úsáid. Moltar sna tuairimí deiridh sin gur cheart don Aontas Eorpach an faireachán a dhéantar ar an úsáid a bhaintear as cistí SIE a neartú chun a chinntiú nach mbaintear úsáid astu ach amháin le haghaidh seirbhísí tacaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a fhorbairt i bpobail áitiúla in ionad úsáid a bhaint astu chun institiúidí a athfhorbairt nó a leathnú; agus moltar iontu freisin gur cheart don Aontas Eorpach íocaíochtaí a chur ar fionraí, a tharraingt siar nó a aisghabháil má sháraítear an oibleagáid aird a thabhairt ar chearta bunúsacha.*

## Sonraí a bhailiú

Léirítear sa taighde go bhfuil feasacht mhéadaithe ann ar fhoréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas agus na hoibleagáidí dlíthiúla a bunaíodh sa CRC agus sa CRPD, cé go bhfuil sonraí iontaofa maidir leis an staid in AE in easnamh fós. Chreid freagraithe go gcuireann an easpa faisnéise maidir le scála, cineálacha agus saintréithe an fhoréigin in aghaidh leanaí faoi mhíchumas bac ar bheartais spriocdhírthe agus ar chlár spriocdhírthe a fhorbairt. In éagmais sonraí cuí, níl soláthraithe seirbhíse eolach ar riachtanais na leanaí faoi mhíchumas, rud a mhéadaíonn an baol go ndéanfaidh seirbhísí neamh-inrochtana neamhfhreagrúla neamhaird orthu.

Léirítear sa taighde freisin go mbailíonn roinnt tíortha sonraí faoi fhoréigean in aghaidh daoine faoi mhíchumas gan na sonraí a scagadh de réir aoise agus go mbailíonn tíortha eile sonraí faoi fhoréigean in aghaidh leanaí i gcoitinne gan faisnéis faoi stádas míchumais na leanaí a bhailiú. Is amhlaidh sin i gcás foinsí oifigiúla rialtais agus i gcás faisnéise a mbailíonn an tsochaí shibhialta í araon.

Luaigh freagraithe gur cheart, i gcásanna ina bhfuil sonraí agus taighde ar staid na leanaí faoi mhíchumas ar fáil, iarrachtaí a dhéanamh torthaí a scaipeadh go leathan i measc gach gníomhaí lena mbaineann chun athchóirithe bunaithe ar fhianaise agus bearta spriocdhírthe a dhúiseacht (féach Rannáin 2.4. agus 4.2. den tuarascáil iomlán).


### Tuairimí ón FRA

*Ar aon dul leis na hoibleagáidí atá orthu faoin dlí idirnáisiúnta, ba cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit sonraí imdhealaithe staitistiúla agus taighde a bhailiú chun cur ar a gcumas ceapadh agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartais lena gcoisctear foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas agus lena dtugtar aghaidh ar an bhforéigean sin. Ba cheart do na Ballstáit sin a bhailíonn sonraí faoi fhoréigean in aghaidh leanaí cheana féin a chinntiú go bhfuil na sonraí sin imdhealaithe go cuí agus i bhformáidí inrochtana. Ba cheart, ar a laghad, faisnéis maidir le cásanna tuairiscithe foréigin in aghaidh leanaí faoi mhíchumas agus maidir le himscrúduithe, le hionchúisimh agus leis na seirbhísí cosanta arna gcur ar fáil a bheith ar áireamh sna sonraí. Ba cheart faisnéis a chur ar fáil sna sonraí maidir leis an gcineál foréigin, lena n-áirítear cibé acu atá sé idirdhealaitheach nó inspreagtha ag claontacht; le déantóir an fhoréigin; leis an gcineál lagaithe, lena n-áirítear il-laguithe nó dianlaguithe; agus le saintréithe eile íospartaigh, ar nós inscne, stádas imirceach agus cúlra socheacnamaíoch, chun patrúin agus faisnéis faoi fhoghrúpaí leanaí faoi mhíchumas a nochtadh.*

*Ba cheart do na Ballstáit sonraí imdhealaithe faoi oibriú na mbeolínthe géarchéime, na mbeolínthe leanaí agus na seirbhísí tacaíochta íospartach a bhailiú agus a fhoilsiú freisin.*

*D'fhéadfadh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar bhunachar sonraí a bhunú ina liostaítear na cineálacha difriúla tacaíochta atá ar fáil trí sheirbhísí poiblí agus trí eagraíochtaí sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus eagraíochtaí tacaíochta íospartach. D'fhéadfadh an bunachar sonraí sin a bheith ina gheata chuig uirlisí atá ann cheana freisin, amhail ábhair oiliúna nó ábhair mhúscailte feasachta.*

*D'fhéadfadh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar tháscairí um chearta bunúsacha a fhorbairt le tacaíocht ón FRA, ar táscairí iad a fhéadann tacú le faireachán agus meas a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeartas agus na mbeart lena dtugtar aghaidh ar fhoréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas.*



Tá bacainní suntasacha ann ar leanaí faoi mhíchumas leas a bhaint as na cearta bunúsacha atá acu. Is minic a eisiatar iad ón tsochaí, agus cónaí orthu i saoráidí atá i bhfad ar shiúl óna dteaghlach i gcásanna áirithe. Ina theannta sin, séantar rochtain ar sheirbhísí bunúsacha, amhail cúram sláinte agus oideachas, orthu agus fulaingíonn siad stiogma agus idirdhealú, mar aon le foréigean gnéasach, fisiciúil agus síceolaíoch. Aithnítear sa dlí idirnáisiúnta, sa dlí Eorpach agus sa dlí náisiúnta an ceart chun cosanta ar gach cineál foréigin. Cé go bhfuil bearta cosanta ar fáil, is é is dóichí, i gcomparáid lena bpiaraí, go bhfulaingeoídh cailíní agus buachaillí faoi mhíchumas foréigean, mí-úsáid ghnéasach nó bulaíocht ar scoil, sa bhaile agus in institiúidí ar fud an Aontais Eorpaigh; is minic a dhéantar foréigean ina naghaidh de bharr a míchumais freisin.

D'iniúch Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha an tsaincheist thábhachtach thearcthuairiscithe a bhaineann le foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas. Rinne sí taighde deisce agus agallaimh le geallsealbhóirí eolacha lena linn. Cuirtear torthaí an taighde sin i láthair sa tuarascáil seo. Tugtar breac-chuntas inti ar chaighdeán idirnáisiúnta agus Eorpacha agus athbhreithnítear reachtaíocht náisiúnta agus beartais náisiúnta lena dtugtar aghaidh ar fhoréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas. Iniúchtar sa tuarascáil freisin méid éagsúil agus suíomhanna agus cineálacha éagsúla an fhoréigin sin agus na cúiseanna éagsúla leis agus cuirtear bearta agus tionscnaimh lena chosc i láthair.

## Tuilleadh faisnéise:

Chun rochtain a fháil ar an tuarascáil iomlán ón FRA – *Violence against children with disabilities: legislation, policies and programmes in the EU* (Foréigean in aghaidh leanaí faoi mhíchumas: reachtaíocht, beartais agus clár in AE) – féach <http://fra.europa.eu/en/publication/2015/violence-children-disabilities-eu>

Féach foilseacháin eile ón FRA sa réimse seo:

- An FRA (2015), Páipéar fócais, *Equal protection for all victims of hate crime – The case of people with disabilities* (Cosaint chothrom do gach íospartach coir fuatha – Cás na ndaoine faoi mhíchumas), Vín, FRA, [http://fra.europa.eu/sites/default/files/fra-2015-focus-03-hate-crime-disability\\_en\\_o.pdf](http://fra.europa.eu/sites/default/files/fra-2015-focus-03-hate-crime-disability_en_o.pdf) (ar fáil i mBéarla)
- FRA (2015), *Child-friendly justice – Perspectives and experiences of professionals on children's participation in civil and criminal judicial proceedings in 10 EU Member States* (Ceartas a thacaíonn le leanaí – Dearthaí agus eispéiris na ngairmithe maidir le rannpháirtíocht leanaí in imeachtaí breithiúnacha sibhialta agus coiriúla i 10 mBallstát AE), Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, <http://fra.europa.eu/en/publication/2015/child-friendly-justice-perspectives-and-experiences-professionals-childrens> (ar fáil i dteangacha AE)
- FRA (2015), *Mapping of child protection systems* (Córais chosanta leanaí a léarscáiliú) (ar líne), <http://fra.europa.eu/en/publications-and-resources/data-and-maps/comparative-data/child-protection> (i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis)

Is féidir forbheathnú ar ghníomhaíochtaí de chuid FRA maidir le daoine faoi mhíchumas a fháil ag: <http://fra.europa.eu/en/theme/people-disabilities>. Is féidir forbheathnú ar ghníomhaíochtaí an FRA maidir le cearta an linbh a fheiceáil anseo: <http://fra.europa.eu/en/theme/rights-child>.



Oifig na bhFoilseachán

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um  
Chearta Bunúsacha, 2015  
Grianghraf: © Shutterstock

## FRA – GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA BUNÚSACHA

Schwarzenbergplatz 11 – 1040 Vín – An Ostair  
Teil +43 158030-0 – Facs +43 158030-699  
[fra.europa.eu](http://fra.europa.eu) – [info@fra.europa.eu](mailto:info@fra.europa.eu)  
[facebook.com/fundamentalrights](https://www.facebook.com/fundamentalrights)  
[linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency](https://www.linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency)  
[twitter.com/EURightsAgency](https://twitter.com/EURightsAgency)



Print: ISBN 978-92-9491-239-8, doi:10.2811/469341  
PDF: ISBN 978-92-9491-249-7, doi:10.2811/617243